



Oibriú Scéim Iompair na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta sa Scoilbhliain 2020/2021

(Má tá leanaí agat a úsáideann Scéim Iompair na nIar-bhunscoileanna iarrtar ort an treoir ar leith a eisíodh maidir leis an scéim sin a léamh)

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara,

Scríobhamar chugat le déanaí le rá leat go mbeidh Scéim Iompair na Scoileanna ag obair mar is gnách i scoilbhliain 2020/2021, ach go mbeidh socruithe breise sláintíochta agus scartha sóisialta i bhfeidhm.

Léigh go cúramach an litir seo agus an treoir a ghabhann leis. Labhair le do pháiste faoi na rialacha nua ar an mbus scoile sa scoilbhliain amach romhainn ionas go mbeidh a fhios acu cad a bheidh le déanamh acu agus cad iad na hathruithe ó bhlianta roimhe seo.

Caithfidimid go léir cabhrú chun gach duine sa scoil a choimeád slán sábháilte. Mínigh na treoirlínte seo do do pháiste agus abair leo go gcaithfidh siad cloí leo chun go mbeidh a gcairde, páistí na scoile, foireann an bhus agus foireann na scoile, agus an pobal scoile i gcoitinne, slán sábháilte, a mhéad is féidir.

Gheofar eolas níos mionsonraithe sa doiciméad atá iniata thall: Oibriú Scéim Iompair na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta sa Scoilbhliain 2020/2021: Treoir do Thuismitheoirí agus do Pháistí

Táimid ag déanamh gach díchill a chinntiú nach scaipfear COVID-19. Tá sé tábhachtach go nifeadh na páistí a lámha go minic agus go mbeidís scartha amach agus iad ar an mbus scoile.

Mar a moladh cheana, táimid ag súil leis na seirbhísí bus scoile a chur ar fáil mar is gnách. Ag an am céanna, ní hionann bus scoile agus bus poiblí, de bhrí gurb iad na páistí céanna a bhíonn ar an mbus scoile gach lá. Dá bhrí sin, beidh ainmneacha na bpáistí ar an mbus ar eolas. Cabhróidh sé sin linn gartheagmhálaithe a rianú, más gá.

Mínigh na treoirlínte seo a leanas do do pháiste, agus abair leo go gcaithfidh siad cloí leo gach uair a bhíonn siad ar na mbus scoile.

- Ná téigh ar an mbus scoile má tá aon chomhartha de COVID-19 ort.
- Fan dhá mhéadar amach ó dhaoine eile ag stad an bhus.
- Suigh sa suíochán a thugtar duit i gcónaí, taobh le siblín nó duine as a rang-ghrúpa áit is féidir (an páiste céanna i gcónaí).
- Díghalraigh do lámha sula dtéann tú isteach sa bhus.
- Clúdaigh do bhéal i gcónaí má tá sraoth nó casacht á ligean agat ag stad an bhus nó istigh sa bhus – úsáid ciarsúr agus caith amach i gceart é, nó úsáid d'uillinn.
- Tuirling den bhus go mall, duine amháin ag an am.



- Caithfidh gach páiste atá 13 nó os a chionn masc aghaidhe a chaitheamh ag stad an bhus agus ar an mbus féin (ach amháin páistí nach féidir leo masc a chaitheamh ar chúiseanna míochaine nó toisc go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu).

Gheofar tuilleadh eolais ar an Treochlár chun na Scoileanna a Athoscailt ag gov.ie/backtoschool.

An Rannóg Iompair Scoile
21 Lúnasa 2020



Oibriú Scéim Iompair na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta sa Scoilbhliain 2020/2021: Treoir do Thuismitheoirí agus do Pháistí

1. Bíodh na comharthaí ar eolas agat – coimeád an páiste sa bhaile agus ná húsáid an bus scoile má tá comharthaí uirthi/air

Chun scaipeadh COVID-19 a chosc, tá sé tábhachtach go mbeadh na comharthaí ar eolas againn ar fad.

Is iad seo:

- Teocht ard
- Casacht
- Gearranáil, nó deacracht anála
- Cailleadh an bholaidh, an bhlais nó an blas a bheith as riocht

Má tá aon cheann de na comharthaí sin ar do pháiste, nó má cheaptar nó más eol go bhfuil COVID-19 ar dhuine den teaghlach, ba chóir don pháiste fanacht sa bhaile. Ná lig don pháiste dul go dtí stad an bhus ná ar scoil. Glaoigh ar an dochtúir agus déan féin-aonrú, mar a mholann FSS.

2. An córas ‘Cara Bus’

Táimid ag obair le Bus Éireann chun plan suí do gach bus a leagan amach ionas go mbeidh an suíochán céanna ag gach páiste gach lá. Áit is féidir, suffidh gach páiste le siblín nó le páiste as a rang-ghrúpa féin, ach beidh do pháiste ina suí nó ina shuí taobh leis an bpáiste céanna i gcónaí. Táimid ag súil leis na plananna suí a chur i bhfeidhm nuair a atosóidh na seirbhísí bus scoile sa scoilbhliain nua agus go mbeidh na plananna suí ar fáil ar na busanna scoile, leis.

Ba chóir do do pháiste suí sa suíochán céanna taobh leis an bpáiste céanna ó thús deireadh scoilbhliain 2020/2021. Má tá an páiste sin as láthair, ba chóir do do pháiste suí ina shuíochán féin agus gan dul isteach i suíochán eile.

Má tá áit ag do pháiste ar Bhus Riachtanas Speisialta Oideachais agus má tá Coimhdire Bus Scoile acu, cabhróidh an Coimhdire le do pháiste suí sa suíochán ceart. Suffear páistí taobh le siblíne nó le páistí as an rang-ghrúpa céanna áit is féidir.

3. Sláintíocht na lámh

Is féidir lámha a ní le gallúnach nó le díghalrán lámh (nuair nach bhfuil cuma shalach ar na lámha). Ba chóir súil a choimeád ar pháistí óga agus buidéal díghalráin acu de bhrí go bhfuil alcól ann.

Iarraimid ort a chinntiú go níonn do pháiste a lámha nó go n-úsáideann siad díghalrán lámh (i do láthair, más gá) ar maidin sula dtéann sí/sé ar an mbus scoile. Iarraimid ort a mhíniú don pháiste a thábhachtaí atá sé go nifeadh siad na lámha le gallúnach nó díghalrán arís tráthnóna roimh dhul isteach sa bhus don turas abhaile.

Beidh díghalrán lámh ar fáil ar na busanna scoile, agus coimeádfaidh an tiománaí súil ar na páistí agus iad á úsáid.



4. Béasaíocht sraotha/casachta

Mínigh don pháiste an rud atá i gceist le béasaíocht sraotha/casachta. Ciallaíonn sé seo an béal agus an tsrón a chlúdach le ciarsúr nó uillinn nuair a ligtear sraoth nó casacht. Ba chóir an ciarsúr a chaitheamh sa bhosca bruscair nuair is féidir é sin a dhéanamh go sábháilte.

Cosnaímid na daoine thart orainn ar shlaghdáin, fliú agus COVID-19 nuair a chlúdaímid an béal agus an tsrón chun sraoth nó casacht a ligean.

5. Ag stad an bhus agus ag dul isteach sa bhus

Ba chóir do pháistí a bheidh dhá mhéadar ó chéile ag stad an bhus, maidin agus tráthnóna. Ba chóir do gach páiste atá 13 nó os a chionn (ach amháin páistí nach féidir leo masc a chaitheamh ar chúiseanna míochaine nó toisc go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu) masc nó clúdach aghaidhe a chaitheamh ag stad an bhus.

Beidh plean suí ar fáil ar an mbus scoile nuair a théann do pháiste ar ais ar scoil. Ba chóir do gach páiste suí sa suíochán a tugadh dóibh. Suífidh siad sa suíochán seo maidin agus tráthnóna.

Nuair a théann páistí isteach sa bhus, ba chóir ligean do na páistí rompu a suíocháin a aimsiú sula siúlann siad síos chuig a suíochán féin.

6. Ag tuirlingt den bhus

Ba chóir do pháistí tuirlingt den bhus go mall, duine amháin ag an am. Lig don pháiste romhat tuirlingt sula ndéanann tusa iarracht tuirlingt.

Ar maidin, ba chóir do na páistí dul isteach sa scoil go díreach tar éis tuirlingt den bhus.

7. Páistí atá 13 nó os a chionn: masc aghaidhe a chaitheamh

Is cabhair é masc nó clúdach aghaidhe chun tras-seoladh an ghalair a chosc agus is gá é a chaitheamh i gceart chun an chosaint sin a fháil. Ní chiallaíonn masc nó clúdach aghaidhe nach gá do leanaí fanacht sa bhaile má tá comhartha den ghalar orthu.

Caithfidh gach páiste atá 13 nó os a chionn masc aghaidhe a chaitheamh ag stad an bhus agus ar an mbus féin (ach amháin páistí nach féidir leo, de bharr riachtanais míochaine nó riachtanais a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais).

Ba chóir don pháiste an masc nó clúdach aghaidhe a choimeád in áit shábháilte (i zip-mála plaisteach, m.sh.) nuair nach mbíonn sé in úsáid, agus é a ní gach lá.

Ligfear don pháiste dul ar an mbus fiú gan an masc nó clúdach aghaidhe de bhrí nach bhfágfar páiste ar bith gan cóir iompair chun na scoile nó abhaile más earráid mhacánta é. Mar sin féin, má tharlaíonn sé arís agus arís eile, is féidir go ndéanfar cead taistil an pháiste a athbhreithniú nó a tharraingt siar. Ní féidir linn sábháilteacht fhoireann an bhus nó na bpáistí eile ar an mbus a chur i mbaol. Caithfear cúram a dhéanamh de sin i gcónaí.



Mar sin, tá sé tábhachtach go gcaithfeadh an páiste masc nó clúdach aghaidhe agus iarraidimid ort labhairt leis an bpáiste faoina thábhachtaí atá sé go mbeadh an masc acu ag fágáil an tí dóibh agus go gcoimeádfai slán é i rith an lae nuair nach mbíonn sé in úsáid.

8. Masc nó clúdach/scáileán aghaidhe á chaitheamh ag foireann an bhus

Beidh trealamh cosanta pearsanta (PPE) á chaitheamh ag tiománaí an bhus (agus ag an gcoimhdire bus ar bhus scoile do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu)

Beidh masc nó scáileán aghaidhe ar an tiománaí bus fad a bhíonn na páistí ag dul isteach agus amach as an mbus, más rud é nach féidir bheith dhá mhéadar ó chéile.

Caithfidh coimhdírí bus scoile masc nó scáileán aghaidhe mar is cuí, ag smaoineamh ar riachtanais na bpáistí RSO ar an mbus.

9. Glanadh breise na mbusanna

Beidh ar gach seirbhís iompair tuilleadh obair ghlantacháin a dhéanamh i scoilbhliain 2020/2021.

Tá Bus Éireann ag obair le conraitheoirí agus tiománaithe chun eolas a thabhairt dóibh ar an nglanadh breise a bheidh de dhíth (de bhreis ar an ngnáthghlanadh ar deireadh an lae), lena n-áirítear an gá le glanadh na bpointí tadhaill, díghalrán oiriúnach a úsáid agus bruscar a bhailiú agus a dhiúscairt.

10. Cad a dhéanfar má cheaptar go bhfuil COVID-19 ar pháiste ar an mbus scoile?

Sula dtosaíonn an scoilbhliain nua, gheobhaidh foireann an bhus treoir agus oiliúint ar cad ba chóir a dhéanamh má cheaptar go bhfuil COVID-19 ar pháiste ar an mbus scoile.

Má cheaptar go bhfuil COVID-19 ar pháiste ar an mbus scoile, glaofaidh foireann an bhus láithreach ar an tuismitheoir nó ar an gcaomhnóir chun iarraidh orthu an páiste a bhailiú.

Scarfar an páiste ó pháistí eile ar an mbus más féidir. Cuirfidh foireann an bhus an páiste ar a s(h)uaimhneas, ag rá léi/leis go bhfuil duine ag teacht chun í/é a bhailiú. Tabharfaidh foireann an bhus masc aghaidhe don pháiste mura féidir bheith scartha dhá mhéadar uaithe no uaidh agus más féidir leo masc a chaitheamh.

Tar éis an páiste a bhailiú, glanfar an fheithicil ó bhun go barr agus díghalrófar é sula n-úsáidfear arís é.

Déanfaidh FSS teagmháil le duine ar bith a bhí i ngartheagmháil le duine diagnóisithe tríd an bpróiseas rianaithe teagmhálaithe.